# Nuacht Fhine Gall

Eisiúint №14

Aibreán 2020




## SOLAS A SHOILSIÚ AR FHINE GALL

**Áitribh Oidhreachta agus foirgnimh de chuid na comhairle lasta suas** - Lch12 & 13



## FREAGAIRT IONTACH ÓN BPOBAL

**Léiríonn oibrithe agus grúpaí deonacha ón áit an fíorspiorad atá iontu** - Lch4-8

# AR GLAOCH CHUN CABHRÚ LEIS AN BPOBAL



**ISTIGH** Freagraíonn Fóram Pobail Fhine Gall Covid-19 ar an ngéarchéim

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

**Do Comhairle, ag obair duitse**

## Teachtaireacht ón Méara



Tá súil agam go bhfuil ag éirí go maith leat féin agus le do chlann. Is deacair a chreidiúint an t-athrú atá tagtha ar an saol ó foilsíodh an t-eagrán is deireanaí de Nuacht Fhine Gall.

Tá an paindéim COVID-19 tar éis scaipeadh ar fud na cruinne agus ar an drochuair tá Éire thíos leis, dála mórán tíortha eile.

Ba mhaith liom an deis seo a thógáil chun mo chomhbhrón a dhéanamh leis na teaghlaigh go léir atá faoi bhrón ag bás duine muinteartha ag an am seo, agus guím gach rath orthu siúd atá ag troid i gcoinne an víris marfaigh seo.

Táimid go mór faoi chomaoin acu siúd atá ag obair ar an líne thosaigh in aghaidh COVID-19, go háirithe ag ár n-oibrithe sláinte, ach freisin acu siúd atá ag déanamh oibre atá bunriachtanach chun go bhfeidhmeoidh an tír seo s'againne.

Tá a fhios go maith agam go bhfuil fostóirí agus fostaithe buartha faoin méid atá ag tarlú. Tá go leor gnólachtaí, gnólachtaí beaga agus móra araon, tar éis dúnadh nó an fhoireann a laghdú agus tá imní orthu roimh todchaí atá neamhchinnte. Tá an bhéim athraithe ag ár nOifig Fiontair Áitiúil anseo i bhFine Gall mar fhreagairt ar an ngéarchéim agus táimid ag cuidiú le gnólachtaí déileáil leis an méid atá tarlaithe.

Ní mór do shaoránaigh dul in oiriúint ar réimse leathan de shrianta mar iarracht moill a chur ar scaipeadh COVID-19 agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine atá ag leanúint na comhairle atá á tabhairt ag lucht Sláinte Phoiblí maidir leis an sláinteachas, leis an scaradh sóisialta, leis an taisteal agus leis an gcocúnú.

Tá sé soiléir gur sábháladh beathaí daoine tríd bhur n-íobairtí agus tá sé tábhachtach go leanfaimid orainn leis an bhféinsmacht sna seachtainí atá romhainn agus nach n-éireoimid réchúiseach. Is féidir fós glaoch gutháin a chur orm féin agus ar mo chomh-chomhairleoirí nó ríomhphost a sheoladh chugainn, agus is mian linn leanúint orainn ionadaíocht a dhéanamh ar bhur sonnsa, ár dtoghthóirí. Téigh i dteagmháil linn má tá sibh buartha. Tá ár sonraí teagmhála le fáil ar leathanach deiridh na hirise seo.

An Comh Eoghan O'Brien
Meara Fhine Gall

## Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach



Táimid ag obair go tréan chun oiread seirbhísí a sheachadadh agus is féidir le linn COVID-19 agus chun cinnte a dhéanamh de go mbeidh seirbhísí tábhachtacha ar fáil dár saoránaigh.

Mar gheall ar an gcineál bagartha atá romhainn, bhí orainn oifigí poiblí, leabharlanna, áitribh oidhreachta, áiseanna spóirt, ionaid phobail agus áiseanna eile a dhúnadh, ach tá an fhoireann fós ar dualgas agus athlonnaíodh cuid acu laistigh den Chomhairle nó go dtí áit eile sa tSeirbhís Phoiblí.

Is é ceann de na tascanna a d'iarr an Rialtas orainn a dhéanamh mar chuid den fhreagairt ar an ngéarchéim reatha ná an Fóram um Ghlao an Phobail a bhunú agus a chomhordú. Is éard atá sa chomhlacht seo ná réimse leathan d'eagraíochtaí pobail agus an chéad chéim den obair a bhí ann ná Líne Chabhrach a bhunú do dhaoine leochaileacha a bhfuil cuidiú ag teastáil uathu.

Tá ár Saorghlao oscailte 1-800-459-059 7 lá sa tseachtain chun tacú lenár saoránaigh atá gafa sa teach agus atá ag cocúnú.

An aidhm atá ag an dara chéim ná clár um leas an phobail a bhunú agus tá áthas orm a rá go rachaidh an infheistíocht atá déanta ag Comhairle Contae Fhine Gall le blianta anuas sna Leabharlanna, sna hEalaíona, sa Spórt, san Oidhreacht agus in Imeachtaí, go rachaidh sí chun sochair ár saoránaigh agus muid ag cur chun cinn folláine fhisiciúil agus mheabhrach trí réimse clár agus trí chainéil chumarsáide éagsúla, rud atá riachtanach ag an am seo nuair atá srianta taistil i bhfeidhm.

Ní féidir liom an iomarca béime a chur ar cé chomh tábhachtach is atá sé go nglacfaidh gach saoránach freagracht phearsanta air nó uirthi féin aire a thabhairt dá shláinte fhisiciúil agus mheabhrach ag an am strusmhar seo.

Ba mhaith liom freisin achainí a dhéanamh ar chách aire a thabhairt do bhaill phobail leochaileacha atá ag cocúnú agus a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu. Comhartha beag cosúil le glaoch gutháin nó nóta tríd an doras – seans go ndéanfadh sé maitheas mór do chomharsa

AnnMarie Farrelly
Príomhfheidhmeannach





# LÍNE CHABHRACH THIOMNAITHE COVID-19 AR BUN ANOIS I BHFINE GALL



Tá líne chabhrach thiomnaithe Covid-19 ar bun anois i bhFine Gall chun cuidiú le baill den phobal atá i gcontúirt chun go mbeidh teacht acu ar thacaíocht neamhphráinneach agus neamhleighis, mar aon le comhairle le linn na géarchéime sláinte phoiblí reatha.

Is éard atá i gceist le Glao an Phobail ná acmhainní Stáit agus deonacha a thabhairt le chéile ar bhealach nach bhfacthas riamh cheana chun dul i ngleic leis an gCovid-19. Is í aidhm Ghlao ar Phobail ná gníomhaíochtaí pobail a chomhordú, tacaíocht phobail a dhíriú ar an áit a bhfuil gá léi, agus eagar a chur ar fhuinneamh deonach na tíre.

Tá os cionn dosaen gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí i bhfóram Fhine Gall, agus cinntíonn sé go ndéanfar, laistigh d'Fhine Gall, gach rud a chomhordú chun a chinntiú go mbeidh teacht ag daoine leochaileacha nó acu siúd atá ina gcónaí leo féin ar earraí a fháil ón siopa, ar chógas leighis agus ar bhreoslaí.

I measc na ngrúpaí atá ag glacadh páirte i bhFóram Freagartha Pobail Fhine Gall tá:
Comhairle Contae Fhine Gall
Méara Fhine Gall
FSS
Coiste Forbartha Pobail Fhine Gall
An Post
Seirbhís Leasa Pobail
Tusla
Garda Síochána
Ionad d'Oibrithe Deonacha Fhine Gall
Muintir na Tíre
Ord Mhálta
Cosaint Shibhialta Bhaile Átha Cliath
CLG
Nasc Áitiúil
Faisnéis do Shaoránaigh
Líonra Rannpháirtíochta Pobail Fhine Gall
ALONE
TU Bhaile Átha Cliath
Comhlachas Tráchtála Fhine Gall
Empower
Comhpháirtíocht Leader Fhine Gall
Cumann Feirmeoirí na hÉireann

Dúirt Méara Fhine Gall, Clr Eoghan O'Brien: "Tá roinnt gníomhaireachtaí ann faoi láthair atá ag déanamh éachta maidir le cúram a chur ar fáil do daoine scothaosta agus do dhaoine leochaileacha sa cheantar. Faoi láthair, tá na grúpaí seo ag feidhmiú go neamhspleách agus is é ról Chomhairle Contae Fhine Gall ná cur chuige dírithe, comhtháite agus comhordaithe a chur ar fáil do na seirbhísí seo a bhfuil géarghá leo agus a chinntiú go mbeidh rochtain ag ár saoránaigh leochaileacha orthu ar fud an chontae le linn na paindéime COVID-19."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Tá Comhairle Contae Fhine Gall lonnaithe go hidéalach, ar bhonn reachtaíochta agus réigiúnach araon, chun an obair éachtach seo a dhíriú agus struchtúr rialachais a sholáthar i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara go léir. Tá athrú mór tagtha ar shaol móran daoine de bharr na géarchéime sláinte poiblí seo, agus táimid anseo chun cabhrú leis an athrú sin. Beidh ár bhfoireann, a bhfuil athrú tagtha ar a gcuid jabanna lae de bharr na géarchéime, beidh said ann mar phríomhacmhainn chun bainistíocht a dhéanamh ar an gclár tacaíochta pobail seo in éineacht lenár gcomhghníomhaireachtaí/gcomhghrúpaí."

**Is í an uimhir theileafóin don Fhreagairt Phobail i bhFine Gall ná 1 800 459 059 nó 01-8905000 agus tá na línte oscailte ó 8am go dtí 8pm seacht lá sa tseachtain. Is é covidsupport@fingal.ie an seoladh ríomhphoist tiomnaithe.**

# Fíorspiorad á léiriú ag clubanna CLG mar chuid den fhreagairt ar an Víreas Corónach



Emma Webster, Chlub CLG N. Fhinnian

Sa ré dúshlanach seo, tá baill de CLG ar fud an chontae ag cuidiú le Freagairt Phobail Chomhairle Contae Fhine Gall ar Covid-19 trí thacú le daoine ina gceantair féin.

Dúirt John Costello, POF Bhord Contae Bhaile Átha Cliath: "Is sampla de spiorad pobail CLG faoi lán seoil é an fhreagairt ar an ngéarchéim seo atá á léiriú ag ár gclubanna – daoine a ghríosú cloí le moltaí sláinte poiblí agus moltaí an rialtais, agus cabhrú le daoine scothaosta agus leochaileacha."

Is sampla amháin é N Fhinnian a bhfuil tascanna éagsúla ar bun acu, lena n-áirítear siopadóireacht bia, oidis a bhailiú ó chógaslanna, nuachtáin agus béilí a sheachadadh go dtí daoine atá ag cocúnú faoi láthair, pinsin a bhailiú ó oifig an phoist an cheantair agus tacaíocht shóisialta a sholáthar do dhaoine atá ina gcónaí ina n-aonair.

Thóg oibrithe deonacha ón glcub sos chun a insint do Nuacht Fhine Gall conas tá ag éirí lena gcuid iarrachtaí go dtí seo.







Dave Dodd, Ger Edwards, Miriam Satell, Denise McDermott (Club Chairperson), Ken McDermott agus Áine McLaughlin.

# Freagairt ó N. Fhinnian ar an nglao Covid

Is é mana CLG ná 'Tá Áit Dúinn Uilig Ann' agus tá sé seo thar a bheith oiriúnach ag am nuair atáimid go léir aontaithe sa troid in aghaidh COVID-19.

Tá ról ríthábhachtach á imirt ag clubanna fud fad na tíre i nGlao an Phobail agus tá a gcuid seirbhísí á dtairiscint acu do dhaoine scothaosta agus do dhaoine leochaileacha ina gceantair féin.
De ghnáth bíonn fuadar oibre faoi Chlub CLG N. Fhinnian i Rivervalley agus bíonn seisiúin traenála, cluichí, gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid agus imeachtaí sóisialta ar siúl. Anois dar ndóigh, cosúil le gach club CLG eile sa tír, tá N. Fhinnian dúnta go sealadach. Mar sin, ta bealaí eile aimsithe ag ár mbaill chun fanacht i dteagmháil sa ré seo gan fasach.

Tá dúshláin scileanna fuinniúla agus greannmhara á bpóstáil ag cóitseálaithe dá n-imreoirí, tá comórtais á rith ag foirne le haghaidh na mball is óige, agus tá cruinnithe coiste ag tarlú ar líne. Tá roinnt ball ina n-oibrithe deonacha do Ghlao an Phobail agus tá siad ag siopadóireacht agus ag cabhrú le daoine a bhful cabhair ag teastáil uathu. Is slí é chun rud a thabhairt ar ais don phobal agus is comhartha dlúthpháirtíochta é leo siúd a bhfuil tacaíocht léirithe acu don chlub ó bunaíodh in 1983 é.

Bheartaigh Emma Webster obair dheonach a dhéanamh le N. Fhinnian chomh luath agus a fógraíodh an scéim: "Tá go leor ama saor agam chun cabhrú le daoine sa cheantar atá ag cocúnú. Is duine mé ar mhaith liom bheith gnóthach, mar sin bhí sé deacair orm bheith sa bhaile an t-am ar fad agus tá áthas orm go bhfuilim ábalta beagánín den strus a bhaint ó shaol roinnt daoine le linn na paindéime seo."

De ghnáth bíonn Emma ag obair le leanaí agus tá sí sa bhaile ó dúnadh na scoileanna agus na naíolanna ar 13 Márta. Feiceann sí an tionchar atá ar dhaoine: "Tá súil agam go mbeifear ábalta roinnt de na srianta a mhaolú go luath. Tá sé deacair ar na daoine a bhfuilim ag cabhrú leo mar tá a gcuid neamhspleáchais á gcailleadh acu agus iad ar leithlis sa bhaile."

Is údar mór bróid é an fhreagairt an-láidir a bhí ar Glao an Phobail do Chathaoirleach an Chlub, Denise McDermott: "Is grúpa thar cionn iad na baill agus na tacadóirí a tháinig chun tosaigh láithreach chun páirt a ghlacadh sa tionscamh. Thar ceann an chlub, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis na hoibrithe deonacha a léiríonn spiorad an chlub trí bheith toilteanach cabhrú leo siúd a bhfuil cabhair ag teastáil uathu."

Lean sí uirthi: "Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le Donal Ó Cíobháin ónár SuperValu áitiúil as a chuid tacaíochta sárluachmhar agus a chuid tairiscintí ar chúnamh. Má tá cúnamh de dhíth ortsa nó má tá aithne agat ar aon duine a bhfuil cúnamh ag teastáil uathu, téigh i dteagmháil le do thoil leis an Líne Chabhrach Tacaíochta Phobail ar 1800-459 059 nó ríomhphost covidsupport@fingal.ie.

Ba mhaith le Club CLG N. Fhinnian gach rath a ghuí ar ár mbaill agus ar an bpobal áitiúil ag an am seo agus táimid ag tnúth sibh a fheiceáil ar ais arís sa chlub go luath."

Cé nach fios cad atá le teacht sna seachtainí atá romhainn nó an mbeidh gá cloí go fadtéarmach leis na srianta atá i bhfeidhm faoi láthair, tá rud amháin cinnte – tá na hoibrithe deonacha ó N. Fhinnian réidh agus ina seasamh taobh le gach duine sa cheantar áitiúil a bhfuil a gcuid cabhrach ag teastáil uathu.

# Dhá thionscnamh á rith ag Empower le linn na géarchéime Covid-19




Mar bhall d'Fhóram um Fhreagairt Phobail Fhine Gall ar Covid-19, tá Empower Fhine Gall ag cabhrú le daoine déileáil leis na fadhbanna atá inár gceantair de bharr na géarchéime sláinte faoi láthair.

Cuirean Empower Fingal cúrsaí ar fáil i bhFine Gall i réimsí cosúil le tacaíocht fostaíochta, ranganna teanga sa Bhéarla, tacaíocht le TF, cúrsaí sláinte agus tuismitheoireachta. I láthair na huaire tá Empower ag rith na tionscnaimh Ceangail & Cuimsigh agus Bronn Pláta chun tacú le pobal Fhine Gall le linn na géarchéime COVID-19.

Is tionscnamh digiteach é Ceangail & Cuimsigh a chuireann tacaíocht ar fáil do theaghlaigh a d'fhéadfadh a bheith ag brath go bhfuil siad ag dul tríd eisiamh digiteach. Tarlaíonn an t-eisiamh digiteach nuair nach mbíonn rochtain ar theicneolaíochtaí digiteacha, nuair a bhíonn an t-infreastruchtúr digiteach sa cheantar ar chaighdeán íseal nó nuair nach fios conas iad a úsáid. Tá ardú an-mhór tagtha ar an eisiamh seo de bharr na géarchéime COVID-19 de réir mar a leanann an pobal leis an scaradh sóisialta.

De réir mar a bhogann tacaíochtaí oideachais agus sóisialta ar líne, tá Deighilt Dhigiteach ann do leanaí agus daoine óga ó theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá an clár Ceangail & Cuimsigh ag lorg tacaíocht ón lucht gnó chun iarracht a dhéanamh an deighilt dhigiteach a shárú.

Seirbhís eile atá á tacú ag Empower, in éineacht le Seirbhísí Cúram Baile Ó Thuaidh, ná Bronn Pláta. Tá Seirbhísí Cúram Baile Ó Thuaidh ag cur leis an tseirbhís Béilí Ar Rothaí atá acu i gceantair éagsúla i mBaile Átha Cliath Thuaidh, chun cabhrú leo siúd a bhfuil gá béilí a sheachadadh chucu le linn na paindéime COVID-19. Is mian le Empower cabhrú le daoine aonair atá buailte ag an bpaindéim trí iarradh ar an bpobal cabhrú leo freastal orthu siúd atá fíorleochaileach trí bhéilí a chur ar fáil dóibh.

Chun é seo a dhéanamh, tá Empower ag iarraidh ar dhaoine síntiús airigd a dhéanamh don tionscnamh seo más féidir leo, ionas go mbaileofar dóthain airgid agus go mbeidh an tseirbhís seo ar fáil d'oiread daoine agus is féidir. Mar thoradh ar fhlaithiúacht an phobail, beidh costais na mbéilí seo clúdaithe dóibh siúd nach bhfuil ar a gcumas íoc as an tseirbhís gach lá chun iad féin agus a theaghlach a chothú.

Is é an costas atá ar bhéile amháin a sheachadaítear ná €5. An sprioc atá ann ná €10,000 a bhailiú, rud a chuirfidh ar chumas Empower 2,000 béile a sheachadadh. Mar thoradh ar an gcomhfhiontar seo, beidh tacaíocht ann chun béilí agus earraí a sheachadadh i níos mó ceantar anois chucu siúd a bhfuil an gá is mó acu.

Dúirt Adeline O'Brien, POF Empower: "Mar bhall d'Fhóram um Fhreagairt Phobail Fhine Gall ar Covid-19, tá Empower ag déanamh a chion chun cabhru le pobal Fhine Gall le linn na géarchéime sláinte seo. Táimid ag tacú le dhá sheirbhís pobail, Ceangail & Cuimsigh a rachaidh i ngleic leis an mbochtanas digiteach atá ann do theaghlaigh i bhFine Gall agus Bronn Pláta, rud a chuirfidh béilí ar fáil dóibh siúd atá ag cocúnu ag an am seo."






Deasc Nuachta

# Comhpháirtíocht Leader ag tacú leis an bhfreagairt

Tá Comhpháirtíocht Leader Fhine Gall ina ball d'Fhóram um Fhreagairt Phobail Covid-19 Fhine Gall a tháinig le chéile chun tacaíocht a chur ar fáil do phobal Fhine Gall le linn na géarchéime Covid-19. In éineacht le roinnt eagraíochtaí pobail eile, tá Comhpháirtíocht Leader Fhine Gall ag cabhrú leis na daoine is leochailí ag an am seo tri lóistíocht a sholáthar chun teacht ar dhaoine nuair is gá.

Is é an misean atá ag Comhpháirtíocht Leader Fhine Gall ná an fhorbairt áitiúil agus an t-ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn ar fud Chontae Fhine Gall taobh ó thuaidh den N2, agus sa chuid eile de Bhaile Átha Cliath tuaithe. De ghnáth bíonn mórán clár á rith ag LEADER chun an fhorbairt áitiúil a chur chun cinn agus is é ceann de na cláir a chuireann siad ar fáil don phobal ná an Clár Tabhair Aire & Deisigh.

Is é Age Action a bunaigh an Clár Tabhair Aire & Deisigh chun miondeisiúcháin a dhéanamh saor in aisce do dhaoine scothaosta agus do dhaoine leochaileacha, chun go mbeadh teacht acu ar cheardaithe ar féidir brath orthu do na jabanna móra, agus chun seirbhís cairdis a chur ar fáil. Anois táthar ag úsáid na seirbhíse seo chun earraí nó cógas a sheachadadh do dhaoine atá ag cocúnú chomh maith le leanúint ar aghaidh le jabanna beaga DFÉ cosúil le féar a bhaint nuair is gá.

Tá an clár Tabhair Aire & Deisigh ag feidhmiú le tamall anois agus is féidir le haon duine dul i dteagmháil agus cúnamh a lorg i rith na bliana. Seo roinnt de na jabanna atá á gcur ar fáil ag an gclár Tabhaire Aire & Deisigh:

Earraí siopa a bhailiú
Oideas a bhailiú
Garraíodóireacht, mar shampla, féar a bhaint
Tacaíocht lóistíochta
Mionjabanna DFÉ

Dúirt Eilis Harrington, POF Comhpháirtíocht Leader Fhine Gall: "Bhí áthas orainn nuair a iarradh orainn páirt a ghlacadh san Fhóram um Fhreagairt Phobail Covid-19 ionas go mbeimis ábalta ár gcion féin a dhéanamh chun cuidiú leo siúd atá leochaileach inár gceantar, agus tríd an gclár Tabhair Aire & Deisigh, tá teacht againn ar na daoine is mó a bhfuil gá acu leis na seirbhísí seo."





Tá baill den Chosaint Shibhialta ag cabhrú leis na hiarrachtaí atá ar bun trí Ghlao an Phobail.

# Freagairt ar Ghlao an Phobail ón gCosaint Shibhialta agus ó Ionad Oibrithe Deonacha Fhine Gall

Tá Fóram Fhine Gall um Fhreagairt Phobail chun tosaigh san iarracht cabhrú le ceantair an chontae le linn na paindéime Covid-19.

Is cuid ríthábhachtach í Cosaint Shibhialta Bhaile Átha Cliath den tionscnamh seo, agus is féidir léi tarraingt ar thraidisiún agus taithí fada ag tabhairt oibrithe deonacha le chéile.

Tá 125 oibrí deonach in aghaidh na seachtaine a thagann as Fine Gall nó atá ag obair i bhFine Gall agus cuireann an Chosaint Shibhialta iompar ar fáil le hahgaidh coinní ospidéil agus seachadaíonn said cógas leighis agus táirgí bia.

Mhínigh Oifigeach ó Chosaint Shibhialta Bhaile Átha Cliath James McConnell: "Le coicís anois táimid páirteach i seirbhísí éagsúla a chur ar fáil don FSS, lena n-áirítear ionaid thástála a bhunú agus suas go dtí 1000 tástáil gach lá a thabhairt go dtí saotharlanna.

"Chuidigh oibrithe deonacha ón aonad atá againn i Soird le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann i gClub LCG Fhine Gall trí oíche as a chéile." Tacú chun na seirbhísí fuilaistriúcháin a choimeád ag feidhmiú le linn paindéime, is sampla é seo den obair an-riachtanach atá ar bun ag eagraíochtaí deonacha agus pobail mar chuid den Fhóram um Fhreagairt Phobail i bhFine Gall.

Eagraíocht a bhfuil ról lárnach aici maidir leis na hiarrachtaí sin a bhaint amach ná Ionad Oibrithe Deonacha Fhine Gall. An ról atá aige ná oibrithe deonacha a earcú agus a chur laistigh d'eagraíochtaí chun róil dheonacha a líonadh a bhaineann go díreach le Covid-19, agus le heagraíochtaí atá ann cheana féin a chuireann tacaíocht ar fáil do bhaill leochaileacha den phobal.

Ina theannta sin, tá ról ag an Ionad maidir le comhairle agus cúnamh a thabhairt d'eagraíochtaí faoin dea-chleachtas a bhaineann le hoibrithe deonacha a bhainistiú, faoin gcosaint, agus faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

Dúirt Daiga Martins Borges ón Ionad: "Tá níos mó ná 900 oibrí deonach i bhFine Gall tar éis clárú le hionad Oibrithe Deonacha Fhine Gall chun cuidiú go háirithe le Covid-19. Tuigimid freisin nach mbeidh deis ag gach duine cabhrú, de bharr an líon iontach ard daoine ar mhaith leo cabhair a thabhairt, agus ní féidir le gach duine an teach a fhágáil chun obair dheonach a dhéanamh."
Chun an bearna seo a líonadh, tá Ionad Oibrithe Deonacha Fhine Gall ag obair le grúpaí chun róil a fhorbairt ar féidir iad a dhéanamh ó theach an oibrí dheonaigh. Tugtar 'obair dheonach fhíorúil' agus 'miocrobair dheonach' air seo, agus samhlaítear leis an haischlib #volunteerfromhome é.

Dúirt Daiga freisin: "Más mian leat obair dheonach a dhéanamh nó má bhaineann tú le heagraíocht atá ag lorg oibrithe deonacha, téigh i dteagmháil linn le do thoil ar 018991921 nó www.volunteerfingal.ie.





# Leanfaidh an Chomhairle le hidirchaidreamh a dhéanamh le gnólachtaí maidir le rátaí a chur siar



Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall le hidirchaidreamh a dhéanamh le gnólachtaí a bhfuil tionchar á imirt ag géarchéim reatha COVID-19 orthu i ndiaidh gur fhógair an Rialtas inniu gur cheart d'údaráis áitiúla comhaontú a dhéanamh ar íocaíochtaí rátaí atá á ndéanamh ag na gnólachtaí is mó a bhfuil tionchar á imirt orthu a chur siar go dtí deireadh mhí na Bealtaine.

Ba cheart do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide i bhFine Gall a bhfuil deacrachtaí acu lena n-íocaíochtaí ráta teagmháil a dhéanamh lena mbailitheoir rátaí chun an cheist a phlé agus comhaontú a dhéanamh ar shocrú cuí. Ba cheart d'íocóirí rátaí ar féidir leo leanúint leis na rátaí nach bhfuil íoctha acu cheana féin a íoc ar an ngnáthbhealach.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comh. Eoghan O'Brien, go gcabhródh an deis chun íocaíocht na rátaí a chur siar le gnólachtaí beaga atá iad iarraidh teacht slán as an ngéarchéim reatha. "Dea-nuacht é seo do na búistéirí, na tábhairneoirí, na gruagairí, úinéirí na gcaiféanna agus na húinéirí eile ar ghnólachtaí beaga atá ag coraíocht chun a gcosa a thabhairt leo as an ngéarchéim reatha. Tá an t-ádh orainn i bhFine Gall go bhfuil íocóirí rátaí ann ar féidir leo leanúint lena n-íocaíochtaí a dhéanamh, ach is eol go maith dom go bhfuil go leor gnólachtaí níos lú ann a bhfuil streachailt orthu agus a dteastaíonn an chabhair go léir uathu is féidir leo a fháil.

"Is gá do dhaoine tacú leis na gnólachtaí beaga siúd freisin ar éirigh leo fanacht ar oscailt agus ina gcuirtear timpeallacht shábháilte ar fáil dá gcustaiméirí. Cuid thábhachtach den phobal iad agus caithfimid iad a choimeád i mbun gnó," a dúirt an Méara.

Beidh impleachtaí ag roinnt íocaíochtaí ráta a chur siar i dtaobh na Comhairle maidir le sreabhadh airgid agus dúirt an Príomhfheidhmeannach AnnMarie Farrelly go mbeidh iarracht á déanamh aici chun an tionchar a imrítear ar sheirbhísí ríthábhachtacha a sholáthar a íoslaghdú

"Tá Údaráis Áitiúla, anuas ar FSS agus an Garda Síochána, ar cheann de na tír Phríomhghníomhaireacht Fregartha sa tír agus tá baint againn leis an bhfreagairt chomhordaithe don éigeandáil reatha fad a leanaimid freisin le seirbhísí ríthábhachtacha a sholáthar i limistéir ar nós tithíochta agus easpa dídine. Táimid ag déileáil cheana féin le gnólachtaí beaga a rinne teagmháil linn agus cur siar á lorg acu agus leanfaimid ag déileáil le híocóirí ráta a n-imríonn an ghéarchéim tionchar orthu ar bhonn cás ar chás, fad a dhéanaimid a mhéid dár 380 seirbhís agus is féidir a choimeád i mbun oibre i gcomhthráth," a dúirt an tUasal Farrelly.

# OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL (OFA) FHINE GALL AG CABHRÚ LE GNÓLACHATAÍ TEACHT SLÁN TRÍ COVID-19



Tá Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall (OFA) chun tosaigh maidir le gníomhaíochtaí práinneacha a chur i bhfeidhm chun déileáil leis an ngéarchéim atá roimh gnólachtaí áitiúla faoi láthair.

Fógraíodh go gcuirfear leis an Scéim Dearbháin um Thrádáil Ar Líne €2,500 trí Oifigí Fiontair Áitiúla (OFA) le haghaidh gnólachtaí ag a bhfuil suas go dtí deichniúr ag obair. Fograíodh freisin go mbeadh íslú suntasach ar rátaí úis síos go dtí 4.5% ar iasachtaí MFI, má dhéantar an t-iarratas trí OFA Fhine Gall. Tá iasachtaí gnó COVID-19 suas go dti €50,000 ar fáil ó MFI do ghnólachtaí incháilithe a fhostaíonn níos lú ná deichniúr, agus ní gá aisíocaíochtaí a dhéanamh sna sé chéad mhí ná ní ghearrfar ús.

Beart nua eile atá ar fáil do ghnólachtaí trí OFA ná an Dearbhán Leanúnachais Gnó a bhfuil luach €2,500 air i dtacaíocht comhairliúcháin tríú páirtí. Tá sé ann le haghaidh gnólachtaí i ngach earnáil a fhostaíonn suas go dtí 50 duine, agus is féidir le gnólachtaí agus trádálaithe aonair é a úsáid chun straitéisí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a fhorbairt. An aidhm atá ann ná cabhrú le gnólachtaí cinntí a dhéanamh atá bunaithe ar eolas maidir leis na bearta práinneacha agus gníomhaíochtaí leasúcháin ar chóir a thógáil chun an fhoireann agus chun díolacháin a chosaint.

Ina theannta sin, tá an chuid is mó de na cláir thraenála, na ceardlanna agus an líonrú bogtha ar líne ag OFA chun go mbeidh oiread rochtana orthu agus is féidir dóibh siúd atá ag cianobair. Tá cláir á dtairiscint anois ag OFA ar conas do ghnólacht a stiúradh tríd na géarchéime COVID-19; ar bhainistíocht sreabhadh airgid le linn géarchéime; ar straitéis ríomhthráchtála a fhorbairt; ar chleachtais oibre sé-sigme tanaí; agus ar chianfhoirne a bhainistiú.

Tá tuilleadh eolais faoi thacaíochtaí le haghaidh gnólachtaí beaga ar fáil trí OFA Fhine Gall ag www.locaenterprise.ie/Fingal, agus trí ríomhphost a chur chuig info@leo.fingal.ie. Tá treoir a chuireann síos ar thacaíochtaí OFA go náisiúnta le fáil ag LocalEnterprise.ie/Response, chomh maith le sonraí faoi thacaíochtaí ó Fiontraíocht Éireann.

Ag labhairt dó faoi bhearta chun dul i ngleic leis an ngéarchéim COVID-19, dúirt Cathaoirleach an Líonra OFA agus Ceannasaí Fiontair i bhFine Gall, Oisín Geoghegan: " Tá freagairt dheimhneach tugtha againn ar an dúshlán práinneach trí ghníomhaíochtaí práinneacha agus riachtanacha a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an ngéarchéim ina bhfuil ár bhfiontair bheaga agus mheánmhéide. Tá sé tábhachtach go mbeidh a fhios ag gnólachtaí go bhfuil tacaíocht ann dóibh agus táimid ag obair le go leor gnólachtaí atá buailte chun comhairle stuama a sholáthar ionas go mbeidh ar a gcumas a gcuid roghanna a mheas agus na cinntí is fearr a dhéanamh."


Ag labhairt dó ar cé chomh tábhachtach is atá sé déileáil leis an Oifig Fiontair Áitiúil, dúirt an Clr Eoghan O'Brien, Méara Fhine Gall: "Den chuid is mó, is fiontair bheaga agus mheánmhéide iad gnólachtaí Fhine Gall agus fostaíonn siad go leor daoine. Mar sin, tá sé tábhachtach go bhfaighdís gach tacaíocht atá le fáil. Tá an Oifig Fiontair Áitiúil ann chun tacú le gnólachtaí Fhine Gall agus beidh sí ina hacmhainn luachmhar dár FBManna sna seachtainí agus sna míonna atá romhainn agus iad ag déileáil leis an ngéarchéim seo atá gan fasach."

Mar chonclúid, dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Tá sé tábhachtach go mbeidh a fhios ag úinéirí agus oibritheoirí gnólachtaí go bhfuil an Oifig OFA ag leanúint uirthi le tacaíocht agus seirbhísí a sholáthar le linn na géarchéime. Tá an fócas athraithe acu ó chabhrú le gnólachtaí chun dul i méid, go dtí cabhrú leo teacht slán agus oiread post agus is féidir a chosaint."

Tuilleadh sonraí faoi thacaíochtaí do ghnólachtaí beaga le fáil trí OFA Fhine Gall ag www.locaenterprise.ie/Fingal, agus trí ríomhphost a chur chuig info@leo.fingal.ie.
Tá treoir a chuireann síos ar thacaíochtaí OFA go náisiúnta le fáil ag LocalEnterprise.ie/Response, chomh maith le sonraí faoi thacaíochtaí ó Fiontraíocht Éireann.








Caisleán Sord

# SOLAS GEAL Á SHOILSIÚ AG FHINE GALL


Halla an Chontae

Shoilsigh Comhairle Contae Fhine Gall sé fhoirgneamh aitheanta ar fud an chontae mar chuid den tionscnamh náisiúnta chun solas a lonrú ar son na ndaoine tinne, na n-oibrithe sa líne thosaigh agus aon daoine eile a bhfuil tionchar ag Covid-19 orthu.

I measc na bhfoirgneamh a soilsíodh, bhí ceithre fhoirgneamh oidhreachta - Caisleán Shoird, Caisleán Bhrí Mhór, Caisleán Ard Giolláin agus an Casino i Mullach Íde - chomh maith le Halla an Chontae i Sord agus na hOifigí Cathartha i mBaile Bhlainséir.

Mhol Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien an tionscnamh. Bhí sé i láthair nuair a soilsíodh Caisleán Shoird in éineacht leis an Stiúrthóir Forbartha Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta, Emer O'Gorman, agus baill foirne den Aonad Bainistíochta Éigeandála i gComhairle Contae Fhine Gall.

"Dar liom is smaoineamh iontach é solas a lonrú ar son na ndaoine ar fad a bhfuil tionchar ag an bpaindéim Covid-19 orthu. Cuireann sé teachtaireacht amach do mhuintir Fhine Gall agus muintir na hÉireann go bhfuilimid ag troid i gcoinne an víris seo le chéile," a deir an Méara.






Oifigí Cathartha i mBaile Bhlainséir


Casino, Mullach Íde


Caisleán Ard Giolláin


Caisleán Bhrí Mhór



# Tacaíocht á cur ar fáil ag an Rannóg Tithíochta

Tá Rannóg Tithíochta de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall ag leanúint uirthi seirbhísí a chur ar fáil laistigh de na rannáin a bhaineann le Tacaíocht Tithíochta agus Seirbhísí Tionóntachta.

Dóibh siúd a bhfuil freagraí acu maidir leis na cúinsí cóiríochta ina bhfuil said, tá treoir úsáideach thíos.

Leanfaidh an Chomhairle ag soláthar na seirbhísí seo a leanas:



**TACAÍOCHT TITHÍOCHTA:**
Cuireann Comhairle Contae Fhine Gall tacaíocht tithíochta sóisialta ar fáil do dhaoine nach bhfuil ar a gcumas teach a chur ar fáil dóibh féin. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar theach i gceantar Fhine Gall agus má shásaíonn tu na riachtanais cháilitheachta, cuirfear ar an Liosta Feithimh Tithíochta tú.

**IASACHTAÍ TITHÍOCHTA:**
Ní mór mórgáistí a íoc mar is gnách. Is féidir deacrachtaí a phlé leis an bhfoireann tacaíochta morgáiste trí theagmháil a dhéanamh le loans@fingal.ie

**CÍOS TITHÍOCHTA:**
Ní mór an cíos a íoc mar is gnách, i gcomhréir le hioncam an teaghlaigh. Má tá do chuid oibre caillte go sealadach agat, d'fhéadfaí tú a mheas le haghaidh cíosa bunaithe ar íocaíochtaí Leasa Sóisialta go dtí go mbeidh do chúrsaí fostaíochta níos soiléire.

**LIGEAN AR CÍOS:**
Is féidir bheith cinnte de go bhfuil an Próiseas Ligin ar siúl fós, agus ba mhaith linn a dhearbhú nár stad an Chomhairle réadmhaoin a leithdháileadh.

**ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA (HAP):**
Is féidir le hiarrthóir atá faofa ag Comhairle Contae Fhine Gall iarratas a chur isteach lena bhfaomhadh don Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP). Déan teagmháil le do thoil le Rannán HAP de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall (01-8704515 nó cuir ríomhphost chuig: HAP@fingal.ie) agus seolfar Foirm Mheasúnaithe Cháilitheachta chugat.

**SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN:**
Ná bíodh aon amhras ort, tá an fhoireann a ritheann na Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean ag obair fós. Le do thoil, déan teagmháil linn ar an teileafón, tríd an bpost nó ríomhphost, agus beidh an Fhoireann Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean ann chun tacú leat.

**SEIRBHÍSÍ BAINISTÍOCHTA EASTAIT:**
Is féidir teagmháil a dhéanamh le Rannóg Cothabhála Fhine Gall ar 01 890 5588 agus via r-phost: estatemanagement@fingal.ie.
Cé go bhfuil na línte teileafóin ag feidhmiú, beidh sé riachtanach tús áite a thabhairt d'oibreacha atá práinneach nó i gcás éigeandála, mar shampla, cúrsaí leictreachais, teasa agus uisce. Déileáilfear le gach iarratas cothabhála eile ina chéimeanna, nuair a bheidh na hoibreacha eigeandála críochnaithe.

**IOMPAR FRITHSHÓISIALTA**
Mar údarás áitiúil, leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall uirthi a dícheall a dhéanamh chun déileáil leis an bhfadhb a bhíonn ann le hiompar frithshóisialta. Ba chóir gach tuairsc a bhaineann le hiompar frithshóisialta tromchúiseach agus coiriúlacht a thuairisciú go dtí an Garda Síochana.

**Féach ár suíomh gréasáin ag https://www.fingal.ie/news/housing-support-and-tenancy-services chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis na seirbhísí seo.**





# Tá rud éigin ann do gach duine sna seirbhísí ar líne atá ag Leabharlanna Fhine Gall

Tá Leabharlanna Fhine Gall dúnta de réir na srianta atá curtha i bhfeidhm ag an Rialtas ach ní he sin le rá nach féidir go leor a dhéanamh ar líne.

Beidh teacht agat ar ár seirbhísí go léir i gcónaí ag https://fingal.ie/fingallibraries. Téigh go dtí ár suíomh gréasáin chun a fháil amach conas is féidir leat úsáid a bhaint as ár ríomhseirbhísí le linn na tréimhse seo. Mar bhall de Leabharlanna Fhine Gall, beidh rochtain agat ar go leor acmhainní digiteacha, lena n-áirítear:

**TOUCH-TYPE READ AND SPELL:**
Is cúrsa ilchéadfach ar líne é TTRS a chabhraíonn le micléinn de gach aois foghlaim ar a luas féin sa leabharlann nó sa bhaile. Cabhraíonn TTRS leis an léitheoireacht, leis an scríbhneoireacht, leis an litriú agus le scileanna ríomhaire, agus tá sé úsáideach dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí litearachta acu cosúil le disléicse, diospraicse, Neamhord de chuid Speictream an Uathachais, Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde, nó laigí maidir le cuimhne fheidhmiúil agus próiseála.

**FREEGAL MUSIC:**
Is éard atá i gceist le Freegal Music ná an tseirbhís ceoil digiteach ó Leabharlanna Fhine Gall. Tá rochtain agat ar 15 milliún amhrán, lena n-áirítear catalóg de chuid Sony Music de cheoltóirí a bhfuil clú agus cáil orthu. Beidh rochtain agat freisin ar os cionn 40,000 físeán ceoil. Níl teorainn ar an sruthú agus is féidir leat suas go dtí 5 traic in aghaidh na seachtaine a íoslódáil.

**BORROWBOX**
BorrowBox, ó Bolinda – cuireann sé réimse ollmhór ar fáil de ríomhleabhair agus de chlosleabhair do dhaoine fásta agus do leanaí. Is feidir rochtain a fháil ar an tseirbhís seo tríd ár suíomh gréasáin.

**PREASLÉITHEOIR**
Rochtain ar os cionn 7,000 nuachtán agus iris digiteach ó gach cearn den domhan.


**RB IRISÍ DIGITEACHA**
Réimse ollmhór de na hirisí is déanaí ar fáil duit saor in aisce.


**RB GREANNÁIN**
Rochtain saor in aisce ar réimse ollmhór de ghreannáin & d'úrscéalta grafacha den scoth, lena n-áirítear teidil ó Marvel & IDW.


**TRÉDHEARCACH TEANGACHA AR LÍNE**
Rochtain saor in aisce ar chúrsaí teanga ar líne.

## Rogha 10 – Leabhair do Leanaí!


1. Harry Potter and the Philosopher's Stone J.K. Rowling


2. Diary of a Wimpy Kid Wrecking Ball - Jeff Kinney



3 The Lion, the Witch and the Wardrobe - C. S. Lewis



4. Bad Dad - David Walliams



5. War Horse - Michael Morpurgo



6. The Witches Roald Dahl


7. Dork Diaries - Rachel Renée Russell


8.The 117-Storey Treehouse, - Andy Griffiths


9. The Bed and Breakfast Star - Jacqueline Wilson


10. Lily at Lissadell - Judi Curtin



# Iarrtar ar an bpobal gnó PPE a thabhairt

Tá tacaíocht tugtha ag Comhairle Contae Fhine Gall do na hiarrachtaí atá ar bun ag oibrithe sláinte atá sa líne thosaigh den phaindéim COVID-19 trí Threalamh Cosanta Pearsanta ríthábhachtach (PPE) a bhronnadh agus dhá thionscnamh chun tacú le PPE a tháirgeadh.

Tá tacaíocht tugtha ag Comhairle Contae Fhine Gall do na hiarrachtaí atá ar bun ag oibrithe sláinte atá sa líne thosaigh den phaindéim COVID-19 trí Threalamh Cosanta Pearsanta ríthábhachtach (PPE) a bhronnadh agus dhá thionscnamh chun tacú le PPE a tháirgeadh.

Tá an fhadhb a bhaineann leis an Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) tagtha chun cinn le seachtainí beaga anuas agus dochtúirí, altraí agus oibrithe cúraim sláinte i mbun oibre inár n-ospidéil agus in áiseanna cúraim eile.

Mar fhreagra ar an ngá práinneach atá ann do PPE, bhronn Comhairle Contae Fhine Gall os cionn 30,000 píosa PPE ar Ospidéal Beaumont.

Is éard a bhí sa seachadadh ná aghaidhmhaisc agus cultacha cosanta a thugann cosaint ríthábhachtach don fhoireann a bhíonn ag tabhairt aire do dhaoine a bhfuil cóir leighis ag teastáil uathu go práinneach.

Bhí foireann an ospidéil fíorbhuíoch agus dúirt said go ndeachaigh an cineáltas, an fhlaithiúlacht agus an tacaíocht a bhí ag teacht ón bpobal agus ó earnálacha poiblí eile go mór i bhfeidhm orthu. Bhí áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall freisin amhábhar a bhronnadh as a mbainfear úsáid chun aghaidhsciatha PPE a chruthú d'oibrithe atá ar an líne thosaigh.



Tá grúpa oibrithe deonacha i ngach cearn den tír ag obair go dian chun scáthláin phlaisteacha a chruthú tríd an bpriontáil 3T ar féidir iad a chaitheamh ar ghnáthspéaclaí agus ar aghaidhmhaisc, rud a chuirfidh sraith chosanta bhreise ar fáil.

Tá an t-oibrí deonach áitiúil, Paul Quinn, ag cruthú aghaidhsciatha as bileoga thréshoileacha atá bronnta ag an gComhairle. Táthar tar éis na haghaidhsciatha seo a sheachadadh don tSeirbhís Náisiúnta Otharcharanna i Soird agus déanfar iad a dháileadh amach ar fud na tíre de réir mar is gá.

Tá Leabharlanna Fhine Gall ag tabhairt lámh chúnta freisin – tá dhá phrintéir 3T curtha ar fáil ag Leabharlann Bhaile Bhlainséir do SurfBox, rud a rinne leabharlanna i gCill Dara, i mBaile Átha Cliath Theas agus i gCill Chainnigh freisin. Beidh ar chumas Surfbox tuilleadh aghaidhsciatha a tháirgeadh de bharr an mhéid a fuair said ó Leabharlann Bhaile Bhlainséir.










# CNÁMHIARSMAÍ ÁRSA FAIGHTE I BPÁIRC SHOIRD



Ghníomhaigh Comhairle Contae Fhine Gall go gasta chun an láithreán a dhaingniú inar aimsíodh cnámhiarsmaí stairiúla i bpáirc Shoird.

Bhí ionadh ar mhuintir na háite agus iad ag siúl i bPáirc Ghleann na hAbhann, Sord, na hiarsmaí nochta a fheiceáil ar bhruach Abhainn an Bharda. Cuireadh an Garda Síochána ar an eolas ach tar éis scrúdú a rinne antraipeolaí fóiréinseach dearbhaíodh gur iarsmaí ársa a bhí ann. Cinneadh an láthair a chosaint go dtí go bhféadfaí tuilleadh imscrúduithe a dhéanamh.

Rinne Christine Baker, Seandálaí Chomhairle Contae Fhine Gall, iniúchadh ar an láthair maidin Dé Máirt in éineacht le seandálaithe ó Ard-Mhúsaem na hÉireann. Mar gheall ar threoracha reatha COVID-19 ní féidir an láthair a thochailt agus tá sé daingnithe go dtí gur féidir é sin a dhéanamh. Tabharfaidh Seirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Ard-Mhúsaem na hÉireann comhairle agus tacaíocht.

Bhí roinnt imní ann maidir Scaradh Sóisialta mar gur stop daoine a bhí ag dul thart chun féachaint ar an láthair, agus meabhraíonn Comhairle Contae Fhine Gall do dhaoine a thábhachtaí atá sé treoirlínte an Rialtais agus comhairle Sláinte Phoiblí maidir leis seo a leanúint i gcónaí.

Dúirt Christine Baker, Oifigeach Oidhreachta Fhine Gall agus í ag trácht ar an méid a fuarthas:

"Séadchomhartha taifeadta an láthair ina bhfuarthas na hiarsmaí agus rinne seandálaithe ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta tochailt ar sé chnámharlach ansin i 1999. Cnámharlaigh mheánaoiseacha a bhí iontu sin agus anois tá cnámharlach eile nochtaithe mar gheall ar chreimeadh bhruach na habhann. Tá an cumas ag na hiarsmaí agus ag an láthair seo léargas luachmhar a thabhairt do sheandálaithe agus do staraithe nuair is féidir staidéar iomlán a dhéanamh orthu. "

Tá a fhios ag Christine Baker faoi shaibhreas na n-iarsmaí seandálaíochta atá faoi spásanna oscailte ár n-eastát tithíochta agus ár bpáirceanna poiblí. In 2019 thug sí faoin suirbhé "What Lies Beneath: Fingal Geophysical Survey Project" leis an bpobal áitiúil chun cabhrú le hiarsmaí an fhodhromchla i bpáirceanna Fhine Gall a aimsiú agus chun feasacht a mhúscailt faoi láithreacha seandálaíochta ar díol spéise iad. Stiúir sí tochailtí seandálaíochta pobail ag Caisleán Shoird, Caisleán Bhrí Mhór, An Aill agus Dún Ceann tíre Dhroim Meánach. Tá an láithreán daingnithe ag foireann Oibríochtaí Chomhairle Contae Fhine Gall.




## Cuirfear tús le hOibreacha Éigeandála Breise Eatramhacha chun dul i ngleic leis an gCreimeadh Cósta i bPort Reachrann

Mar fhreagairt ar na fadhbanna tromchúiseacha atá ann le tamall anois maidir le creimeadh cósta ag Trá an Choinicéir, Port Reachrann, tá bearta breise éigeandála Eatramhacha á gcur i bhfeidhm ag Comhairle Contae Fhine Gall chun cuid den chósta atá i gcontúirt a chosaint ansin. Cuirfear tús leis an tionscadal €900,000 an tseachtain seo chugainn.

Tá conraitheoirí fostaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall chun 800 aonad "SeeBee" breise as coincréit threisithe a shuiteáil ar an trá i bPort Reachrann os cionn an Leibhéal Meánlán Mara. Tá na "SeeBees" deartha chun fórsa na dtonnta a laghdú agus an drochthionchar atá acu ar an gcósta nuair a bhíonn stoirmeacha ann a mhaolú.

Cuireadh baill de Ghrúpa Idirchaidrimh Cósta Fhine Gall, atá déanta suas de chomhairleoirí áitiúla agus baill den phobal atá buailte ag an gcreimeadh cósta, cuireadh ar an eolas iad maidir leis an tionscadal le déanaí agus tá tacaíocht tugtha acu don na bearta breise.

Déanfar an tsuiteáil i rith mhí Aibreáin agus go luath i mí na Bealtaine. Ba chóir a nótáil anseo go measfar go bhfuil na hoibreacha seo ríthábhachtach i gcomhthéacs na srianta COVID-19 agus beidh eisceachtaí tógála bainteacha i bhfeidhm. Rachaidh na hoibreacha ar aghaidh de réir moltaí agus riachtanais an FSS.

Cuirfear trí líne d'aonaid "SeeBee" ar an trá chun 565 méadar líneach cósta a chosaint atá i gcontúirt ón gcreimeadh nuair a bhíonn stoirmeacha agus lán mara ann. Tá dlúthbhaint ag Comhairle Contae Fhine Gall le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra maidir leis na bearta éigeandála. Tá an Chomhairle ag cur isteach ar mhaoiniú deontais go dtí an OPW chun costais na n-oibreacha a chlúdú.

Chomh maith leis na hOibreacha Éigeandála seo, tá plean ullmhaithe ag comhairleoirí ceaptha ag Comhairle Contae Fhine Gall chun dul i ngleic le hAthrú Cósta suntasach agus fadtéarmach in Inbhear Bhaile Roiséir, cósta an Ros san áireamh. De bharr íogaireacht éiceolaíoch an laithreáin agus cé chomh casta is atá an fhadhb, is dócha go dtógfaidh sé níos mó ná bliain chun measúnú an phlean a chur i gcrích. San áireamh beidh comhairliúcháin phoiblí cuimsitheacha, measúnú timpeallachta agus na próisis ábhartha a bhaineann le cead.






# "FANAIMIS LE CHÉILE" SEOLTA AG OIFIG NA N-EALAÍON

Sna seachtainí atá romhainn, cuirfidh Oifig Ealaíon Fhine Gall roinnt tionscadal ar fáil ar líne ar a ardáin meán digiteach mar chuid dá feachtas "Fanaimis Le Chéile". Áireofar leis sin clinicí leanúnacha le hEalaíontóirí agus Pobail, chomh maith le sceideal gnéithe beo agus taifeadta a fhógraítear gach seachtain.

Beidh Ealaíona Fhine Gall ag glacadh páirt sa Líne Chabhrach Thacaíochta Pobail Covid-19 7 lá sa tseachtain, fad a leanfar ar aghaidh de bheith ag obair ar ár gcuspóirí mar a leagtar amach inár straitéis a foilsíodh le déanaí, Straitéis Ealaíon 2019 - 2025: Nasc a Dhéanamh idir Daoine agus Smaointe agus Beocht a Chur i bhFine Gall trí mheán na nEalaíon.

Tá Oifig Ealaíon Fhine Gall tiomanta dár gclár oibre a sholáthar agus beidh ár bpáirtithe leasmhara agus pobail in ann dul i dteagmháil linn. Táimid ag tnúth le bheith ar ais go hiomlán chomh luath agus is féidir go sábháilte, mar tuigimid gur cuid ríthábhachtach de shaol na ndaoine iad na healaíona.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Is tionscnamh nuálach de chuid Oifig Ealaíon Fhine Gall é seo chun daoine a thabhairt le chéile trí mheán na n-ealaíon. Cuireann an Oifig Ealaíon le folláine teaghlach, daoine agus pobal ach aird a tharraingt ar an mbealach a neartaíonn cruthaitheacht an pobal i bhFine Gall."

Chuir Stiúrthóir Seirbhísí Tithíochta agus Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall, Margaret Geraghty, fáilte roimh an tionscnamh agus dúirt sí: "Tá sé níos tábhachtaí anois ná mar a bhí riamh go dtacaítear lenár n-ealaíontóirí, agus dá réir sin is féidir lenár n-ealaíontóirí leanúint de mhisneach agus dóchas a thabhairt dár bpobail."

Beidh clinicí d'ealaíontóirí agus pobail ar siúl gach Céadaoin ó 11 a.m. go dtí 12 meán lae, ón 22 Aibreán ar aghaidh.

Ní mór áit a chur in áirithe do na cruinnithe seo roimh ré leis na réimsí áirithe:
Ealaíontóirí Proifisiúnta: Sarah O'Neill – sarah.oneill@fingal.ie / 018906237
Óige agus Oideachas: Julie Clarke – julie.clarke@fingal.ie / 01 890 5960
Ealaín Phoiblí: Caroline Cowley – caroline.cowley@fingal.ie / 01 870 8449
Earnáil Phobail: Rory O'Byrne – rory.obyrne@fingal.ie / 01 890 5099
Fógrófar an clár léirithe, cainteanna, tionscadal agus ranganna teagaisc beo / taifeadta gach Luan agus craolfar iad gach Déardaoin ar 11 a.m. go dtí 12 p.m





## Sraith físeán babhta traenála le déanamh sa bhaile cruthaithe ag Oifig Spóirt Fhine Gall

Tá sraith físéan chun babhta traenála a dhéanamh sa bhaile eisithe ag Oifig Spóirt Fhine Gall chun cabhrú le daoine aclaíocht a dhéanamh agus iad féin a choimeád sláintiúil le linn na géarchéime reatha. Go dtí seo eisíodh cúig físeán, agus taispeánann siad conas gróigeadh foirfe a dhéanamh le cathaoir, mar aon le crochadh cos, brú aníos, ardú gualainne, cuach bícéipse agus níos mó.

Ní mór dúinn leanúint orainn ag déanamh aclaíochta fad is atáimid ag féin-aonrú nó ag scaradh go sóisialta. Tá treoracha céim ar chéim iontacha ag an tSraith Físeán Babhta Traenála sa Bhaile seo do chleachtaí simplí is féidir a dhéanamh sa bhaile. Tá súil againn go bhfuil sibh ag leanúint ár bhfíseáin iontacha agus go bhfuil sibh ag baint taitneamh as an aclaíocht. I ngach físeán tá seisiún babhta traenála nua ar féidir le daoine é a leanúint sa bhaile agus tugtar cleachtaí difiúla i ngach seisiún. Déantar mar seo é ionas go mbeidh éagsúlacht ann agus chun dúshláin nua a chur ar fáil do dhaoine agus iad gafa sa bhaile. In éineacht leis na seisiúin babhta traenála, tá físeáin Seisiún Scileanna cruthaithe ag an Oifig Spóirt a leagann amach dúshláin scileanna. Is féidir le daoine iad féin a thástáil i gcoinne na ndúshlán seo agus scil fhisiciúil nua a fhoghlaim ag an am céanna.

Níos mó ná aon am riamh tá sé tábhachtach anois do leibhéal aclaíochta a choimeád suas, ní hamháin do do shláinte fhisiciúil ach ar son d'fholláine mheabhrach freisin. Má leanann tú na Seisiúin Babhta Traenála agus na seisiúin Scileanna, cuirfear le gnáthamh an lae agus tabharfar cuspóirí duit rudaí nua a bhaint amach.

Is féidir leat ár seisiúin go léir a leanúint anseo ar Thairseach Foghlama Fhine Gall Sláintiúil: https://learning.fingal.ie/course/view.php?id=136

## CUIREANN AN ROINN FORBARTHA TUAITHE AGUS POBAIL PACA CUMARSÁIDE LE CHÉILE

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail paca eolais faoi Chumarsáid le chéile do ghrúpaí pobail agus deonacha agus do bhaill den phobal mar chuid dá freagairt do COVID-19.

Is éard atá sa phaca seo:
Plean Gníomhaíochta na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail chun Tacú leis an bhFreagairt Pobail
Bileog faisnéise "Tú Féin, do Phobal agus COVID-19" – D'iarrfaimis ort an bhileog seo a scaipeadh timpeall do phobal, agus ar dhaoine aonair, ach go háirithe, nach bhfuil teacht acu ná eolas acu ar ardáin dhigiteacha. Molaimid chun iad a chur san áireamh, b'fhéidir, nuair atá béilí ar rothaí á seachadadh.
Conas is féidir liom obair dheonach a dhéanamh?
Obair dheonach stuama – Na Rudaí is Ceart agus nach Ceart a Dhéanamh
Comhairle do ghrúpaí pobail áitiúla – conas is féidir linn oibrithe deonacha a fháil?
Comhairle do dhaoine leochaileacha a dteastaíonn tacaíochtaí uathu
Conas cosaint in aghaidh calaoise agus iontaoibh a ghiniúint
Tá áis deasc chabhrach ríomhphoist ar fáil chun cabhrú leat maidir le comhairle nó ceisteanna agus tá sé ar oscailt 7 lá sa tseachtain – C&V-Supports@drcd.gov.ie
An email helpdesk facility is available to assist you with advice or queries and is open seven days a week – C&VSupports@drcd.gov.ie Agus meabhraítear duit gur príomhfhoinse comhairle sláinte é láithreán gréasáin FSS: www.hse.ie/coronavirus.

## Seirbhís leabharlainne Gafa sa Teach le tabhairt ar ais

An mbraitheann tú uait leabhar maith? Tá sé i gceist an tseirbhís leabharlainne Gafa sa Teach a thabhairt ar ais do chónaitheoirí atá ag cocúnú faoi láthair. Fágfar leabhair ag do dhoras agus cloífar le gach treoir Sláinte agus Sábháilteachta atá i bhfeidhm faoi láthair agus treoracha an FSS maidir leis an scaradh sóisialta.

Tá réimse leathan leabhar ar fáil lena n-áirítear leabhair fhicsin agus neamhfhicsin a bhaineann le hábhair éagsúla. Chomh maith leis sin, tá closleabhair againn mar aon le leabhair i gcló mór agus rogha mór leabhar do pháistí. Déanfaidh foireann na leabharlainne leabhair a roghnú agus a phacáil bunaithe ar do rogha agus is féidir suas go dtí 15 earra a fháil ar iasacht ag am ar bith.
Ná bí buartha mura bhfuil tú i do bhall de leabharlanna Fhine Gall nó más fada é ó bhain tú úsáid as an leabharlann. Déanfaidh an fhoireann cúram de na sonraí.

Cuir glaoch ar Líne Chabhrach Phobail COVID-19 Fhine Gall ar 1-800-459-059 lá ar bith idir 8am agus 8pm chun clárú.


Ós rud é go bhfuil srianta taistil i bhfeidhm ag an am seo, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeimid ábalta iarratais faoi leith a chomhlíonadh ach má tá údar nó ábhar nó saghas leabhair a thaithníonn go mór leat, m. sh. úrscéalta bleachtaireachta nó rómánsaíochta, is féidir linn cabhrú leat. Tá ardú 52 faoin gcéad tagtha ar an éileamh ar ríomhsheirbhísí Leabharlann Fhine Gall ó thús na géarchéime Covid-19.

Tá an-tóir ar ríomhsheirbhísí, lena n-áirítear closleabhair, ríomhleabhair, nuachtáin, irisí agus sruthú ceoil ó dhún an líonra brainsí ag tús na ráige.

## GRIANGHRAIF Ó THART TIMPEALL I BHFINE GALL

**Príomhghrianghraf: Radharc ó Phort Reachrann; Carraig Ard, idir Mullach Íde agus Port Mearnóg; Trá Phort Reachrann; Ardgiolláin; Muilte na Sceirí; Diméin an Droichid Nua; & Inbhear an Mhóinéir Leathain.**













Deasc Nuachta

## Comhairliúchán poiblí maidir le scéimeanna moillithe tráchta beartaithe

Chuir Comhairle Contae Fhine Gall tús le próiseas comhairliúcháin phoiblí maidir le scéimeanna moillithe tráchta atá beartaithe a rolladh amach ar fud Fhine Gall.

Tá bearta á moladh do 12 bóthar san iomlán i nDomhnach Bat, Sord, An Ros, Caisleán Cnucha, Baile Bhlainséir, Ongar, Mullach Íde, Cill Fhionntain agus Port Mearnóg.

Cuimsíonn an obair rampaí moillithe tráchta, comharthaíocht bhóthair iomchuí agus marcanna bóthair nuair is gá.

Tá tús curtha leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí anois agus is féidir na pleananna, nach mbeidh ar fáil ach amháin ar líne mar gheall ar shrianta Covid-19, a fheiceáil ag https://consult.fingal.ie/en/browse.

I limistéar Bhaile Átha Cliath 15, moltar na hoibreacha seo a leanas:
Céide Chaisleán Cnucha - 2 Rampa Moillithe Tráchta
Bóthar Bhaile an Ghleanna, Baile Bhlainséir - 3 Rampa Moillithe Tráchta
Bóthar Manorsfield, Ongar - 4 Sraith Tulóga Moillithe Tráchta
Bóthar an Bhearnbhálaigh, Ongar - 1 Rampa Maoillithe Tráchta
Bóthar Bhaile an Diosualaigh, Caisleán Cnucha -1 Rampa Moillithe Tráchta

Féadfar uiríll i dtaobh na scéimeanna a dhéanamh i scríbhinn chuig:

Oifigeach Riaracháin, Limistéar Chaisleán Cnucha-Mhullach Eadrad, An Roinn Oibríochtaí, Comhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 tráth nach déanaí ná 4.30p.m. Dé Máirt. An 26 Bealtaine.


I limistéar Oibriúcháin Shoird-Bhaile Brigín, moltar na hoibreacha seo a leanas:
Domhnach Bat - Carrs Mill / Ráth Chuilinn - 3 Rampa Moillithe Tráchta
Sord - Bóthar Bhaile Breacáin - 2 Rampa Moillithe Tráchta
Domhnach Bat-Acomhal Bhóthar Phort Reachrann/Bhóthar an Bhéibhearaigh/Lána Bhaile Uisce -1 Rampa Acomhail Tábla Ardaithe do Mhoilliú Tráchta
An Ros - An Ascaill ag Scoil Náisiúnta Naomh Caitríona - 2 Rampa Moillithe Tráchta


Féadfar uiríll i dtaobh na Scéimeanna a dhéanamh i scríbhinn chuig:
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Ceantar Shoird Bhaile Brigín, An Roinn Oibríochtaí, Comhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 tráth nach déanaí ná 4.30pm Dé hAoine, an 22 Bealtaine.

I limistéar Oibríochtúil Mhullach Íde-Bhinn Éadair, tá na hoibreacha seo a leanas beartaithe:
Bóthar na Trá, Cill Fhionntain - 1 Rampa Moillithe Tráchta & 1 Sraith Tulóga Moillithe Tráchta.

Cúlbhóthar, ag Gort an Chaisléain Mullach Íde - 1 Rampa Barr Tábla do Mhoilliú Tráchta

Bóthar an Stáisiúin, Port Mearnóg - 2 Sraith Tulóga Luais do Mhoilliú Tráchta
Is féidir uiríll maidir leis na Scéimeanna thuas a dhéanamh ar líne ag https://consult.fingal. ie nó i scríbhinn chuig: Oifigeach Riaracháin, Limistéar Oibriúcháin Bhinn Éadroma, An Roinn Oibríochtaí, Comhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 níos déanaí ná 4.30pm Dé Máirt, an 26 Bealtaine.





# Ceoltóirí Gaelacha ar an stáitse i Halla an Chontae i rith Sheachtain na Gaeilge






Reáchtáil Comhairle Contae Fhine Gall oíche de cheol traidisiúnta ar 10 Márta mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge. Bhí na ceoltóirí Paudie O Connor, Aoife Ní Chaoimh agus Caoimhín Ó Fearghail ar an stáitse i Halla an Chontae taobh le ceoltóirí ó Chraobh Sean Treacy de Chomhaltas.

Is mar dhísréad a sheinneann Paudie O Connor agus Aoife Ní Chaoimh, as Co. Chiarraí, an bosca ceoil agus an fhidil. Tá a gcuid ceoil go mór faoi thionchar ag traidisiún ceoil Shliabh Luachra, traidisiún ceoil atá fréamhaithe in Oirthear Chiarraí agus i dTuaisceart Chorcaí. Seinneann Caoimhín Ó Fearghail as An Rinn in iarthar Ghaeltacht Phort Láirge roinnt uirlisí ceoil. Ba ar Chaoimhín a bronnadh gradam Cheoltóir Óg na Bliana TG4 in 2012 (Gradam Ceoil TG4).

Cuireadh tús leis an ócáid le ceoltóirí cumasacha Chraobh Sean Treacy de Chomhaltas i mbun ceoil agus amhrán. Ansin sheinn Paudie O Connor, Aoife Ní Chaoimh agus Caoimhín Ó Fearghail meascán de phoirt agus d'amhráin Ghaelacha, Midstream agus The Letter Home ina measc.

Ar an oíche, bhí Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall AnnMarie Farrelly í lathair.

Le linn dó a bheith i mbun óráide i nGaeilge ag tús na hócáide, thagair Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien do thábhacht na Gaeilge, agus dúirt sé "go mbaineann tábhacht leis an nGaeilge mar gurb í an Ghaeilge croílár ár gcultúir. Le blianta beaga anuas, tá iarracht á déanamh agam an caighdeán maith Gaeilge a bhí agam nuair a bhí mé ar scoil a thabhairt chun beochta arís, ionas gur féidir liom Gaeilge a labhairt le mo pháistí féin a bheidh ag freastal ar Ghaelscoil."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall; "Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta don Ghaeilge a chur chun cinn sa Chomhairle agus sa Chontae trí chéile. Chuige sin, tá oiliúint á cur ar fáil againn dár bhfoireann lena chinntiú gur féidir leo seirbhís ar ardchaighdeán trí Ghaeilge a chur ar fáil, mar aon le himeachtaí Gaeilge a eagrú agus a reáchtáil, agus Pop up Gaeltacht a reáchtáil ag féilte. Is deis iontach iad ócáidí cosúil leis an ócáid seo anocht don phobal chun ceiliúradh a dhéanamh ar an nGaeilge agus taitneamh a bhaint as an gceol traidisiúnta iontach seo."

Bhí an cheolchoirm i measc ceann de go leor imeachtaí Gaeilge a reáchtáladh i bhFine Gall mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge. Reáchtáladh imeachtaí eile i gCaisleán Shoird, i nDiméin Ard Giolláin agus i Leabharlanna Chontae Fhine Gall, mar aon le himeachtaí a bhí eagraithe ag grúpaí pobail ar fud an chontae.



Deasc Nuachta

# LEANADH LE BRATACH LÁ FHÉILE PÁDRAIG A CHOIMEÁD AR FOLUAIN I BHFINE GALL







Rinne pobal Fhine Gall ceiliúradh ar Lá Fhéile Pádraig ar bhealach uathúil fashion i mbliana a sháraigh na srianta a chuir géarchéim an Choróinvíris i bhfeidhm inar laghdaíodh na himeachtaí ceiliúrtha a bhí ar siúl ar ár saoire náisiúnta.

D'eagraigh Foireann Imeachtaí Chomhairle Contae Fhine Gall, ar cuireadh a pleananna le haghaidh mórshiúlta ar fud Fhine Gall ar ceal, Mórshiúl Fíorga Lá Fhéile Pádraig ina ionad sin a thug cuireadh do dhaoine ar fud an chontae chun pictiúir a chur in airde den bhealach a bhí ceiliúradh á dhéanamh acu ar an lá.

Ghlac na céadta cónaitheoir ar fud Fhine Gall páirt sa tionscnamh spraíúil, agus roinn siad íomhánna agus físeáin ón lá, mórshiúlta beaga - ach ilghnéitheach - Lá Fhéile Pádraig timpeall ar sheomraí suí agus gairdíní, chomh maith le roinnt mhaith taispeántí d'ealaín fuinneoige, feistis ghreannmhara agus taispeántí.

Iontráladh gach duine a ghlac páirt isteach i gcrannchur chun cárta bronntanais One4All ar luach €100 a bhuachan agus bronnadh duaiseanna ar na seacht n-iontráil ab fhearr.

Ba iad na buaiteoirí:
Fiona McGarrigle agus a leanaí, Garreth agus an naíonán Rya ó Bhaile Brigín;
Cumann Cónaitheoirí Lambourne;
Edel Woods, Sord;
Annabel Fitzgerald, Port Mearnóg;
Amy Lawson, Baile an Tirialaigh;
Emma Devlin Jameson, Lusca;
Karina Russell, An Ros.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comh. Eoghan O'Brien: "Gabhaimid buíochas ollmhór le gach duine a d'iontráil agus a ghlac páirt inár Lá Fhéile Pádraig Fíorga a thaispeáint an-spiorad pobail i rith na tréimhse dúshlánaí seo. Ba mhaith liom a mheabhrú do dhaoine ag an tráth seo géarchéime náisiúnta chun cloí le treoirlínte FSS agus gach duine dá chéile a choimeád sábháilte."



# Do Chomhairleoirí




## Toghcheantair Aitiúil







**Baile Brigin**

1. An Comh.Tony Murphy
Neamhspleách
tony.murphy@cllrs.fingal.ie
086 277 2030

2. An Comh. Grainne Maguire
Neamhspleách
grainne.maguire@cllrs.fingal.ie
087 943 6650

3. An Comh. Seána Ó Rodaigh
Páirtí an Lucht Oibre
seana.orodaigh@cllrs.fingal.ie
085 831 3801

4 An Comh. Tom O'Leary
Fine Gael
tom.oleary@cllrs.fingal.ie
087 245 9897

5. An Comh Karen Power
An Comhaontas Glas
karen.power@cllrs.fingal.ie
089 965 4529

**An Ros- Lusca**

6. An Comh. Robert O'Donoghue
Páirtí an Lucht Oibre
robert.odonoghue@cllrs.fingal.ie
083 322 7472

7. An Comh. Adrian Henchy
Fianna Fáil
adrian.henchy@cllrs.fingal.ie
087 681 4485

8. An Comh. Brian Dennehy
Fianna Fáil
brian.dennehy@cllrs.fingal.ie
085 229 8201

9. An Comh. Cathal Boland
Neamhspleách
cathal.boland@cllrs.fingal.ie
086 257 7672

10. An Comh. Paul Mulville
An Páirtí Sóisleach Daonlathach
paul.mulville@cllrs.fingal.ie
086 378 7395

**Sord**

11. An Comh. Darragh Butler
Fianna Fáil
darragh.butler@cllrs.fingal.ie
087 959 5378

12. An Comh. Ian Carey
An Comhaontas Glas
ian.carey@cllrs.fingal.ie
086 307 4004

13. An Comh. Dean Mulligan
Neamhspleách i dtreo Athrú
dean.mulligan@cllrs.fingal.ie
087 966 6260

14. An Comh. Joe Newman
Neamhspleách
joe.newman@cllrs.fingal.ie
087 245 7729

15. An Comh. Brigid Manton
Fianna Fáil
brigid.manton@cllrs.fingal.ie
086 247 6596

16. An Comh. Ann Graves
Sinn Féin
ann.graves@cllrs.fingal.ie
087 272 4359

17. An Comh. James Humphreys
Páirtí an Lucht Oibre
james.humphreys@cllrs.fingal.ie
083 8560832

**Binn Éadair - Mullach Ide**

18. An Comh. Eoghan O'Brien
Fianna Fáil
eoghan.obrien@cllrs.fingal.ie
086 858 0562

19. An Comh. David Healy
An Comhaontas Glas
david.healy@cllrs.fingal.ie
087 617 8852

20. An Comh. Brian Mc Donagh
Páirtí an Lucht Oibre
brian.mcdonagh@cllrs.fingal.ie
086 385 8979

21. An Comh. Jimmy Guerin
Neamhspleách
jimmy.guerin@cllrs.fingal.ie
086 014 3346

22. An Comh. Aoibhinn Tormey
Fine Gael
aoibhinn.tormey@cllrs.fingal.ie
087 754 6258

23. An Comh. Anthony Lavin
Fine Gael
anthony.lavin@cllrs.fingal.ie
087 993 1329

24. An Comh. Joan Hopkins
An Páirtí Sóisleach Daonlathach
joan.hopkins@cllrs.fingal.ie
083 1031541

**Caisleán Cnucha**

25. An Comh Emer Currie
Fine Gael
emer.currie@cllrs.fingal.ie
085 8161306

26. An Comh. Ted Leddy
Fine Gael
ted.leddy@cllrs.fingal.ie
087 327 6630

27. An Comh. John Walsh
Páirtí an Lucht Oibre
john.walsh@cllrs.fingal.ie
087 648 6228

28. An Comh. Howard Mahony
Fianna Fáil
howard.mahony@cllrs.fingal.ie
087 0506146

29. An Comh. Natalie Treacy
Sinn Féin
natalie.treacy@cllrs.fingal.ie
085 128 5493

30. An Comh. Pamela Conroy
An Comhaontas Glas
pamela.conroy@cllrs.fingal.ie
086 8462891

**Ongar**

31. An Comh. Tania Doyle
Neamhspleách
tania.doyle@cllrs.fingal.ie
085 780 9292

32 An Comh. Tom Kitt
Fianna Fáil
tom.kitt@cllrs.fingal.ie
086 199 5801

33. An Comh. Daniel Whooley
An Comhaontas Glas
daniel.whooley@cllrs.fingal.ie
087 397 8024

34. An Comh. Kieran Dennison
Fine Gael
kieran.dennison@cllrs.fingal.ie
087 259 5949

35. An Comh. Aaron O'Rourke
Sinn Féin
aaron.orourke @cllrs.fingal.ie
087 7042783

**Baile Bhlainséir - Mullach Eadrad**

36. An Comh. Mary McCamley
Páirtí an Lucht Oibre
mary.mccamley@cllrs.fingal.ie
087 650 1441

37. An Comh. Breda Hanaphy
Sinn Féin
breda.hanaphy@cllrs.fingal.ie
087 162 0917

38. An Comh. John Burtchaell
Dlúthpháirtíocht
john.burtchaell@cllrs.fingal.ie
087 102 9372

39. An Comh. Punam Rane
Fine Gael
punam.rane@cllrs.fingal.ie
089 254 4372

40. An Comh. Freddie Cooper
Fianna Fáil
freddie.cooper@cllrs.fingal.ie
087 052 5628